

TAISPEÁIN DO BHRÓD SA GHAELGE!

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Derick Móicléir RIP	2
Scéal grinn	3
Turas go barr an Domhainl	4
Dermot Morgan	5
An Club dofheicthe	6
Eachtra san oíche	7
Aisling 2000 (dán)	6
Rás Báid Mhiteléine	6
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Tomás Ághas – ceannaire dearmadta	11
Ranganna Gaeilge i gCluian Tarbh	11
An Chéad Ghorta Mór 1740/41	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 5 EAGRÁN 2

MÁRTA - AIBREÁN 2018

AN RAIBH TÚ BEO AGUS BRÓDÚIL?

Tháinig na mílte duine ar na sráideanna, Satharn 4 Aibreán, don mhór-shiúil, “*BEO, Gaelach agus Bródúil*”. Bhí an t-ádh linn leis an aimsir mar níor tháinig an bháisteach. Ba dheis an ócáid do Ghaeilgeoirí na hÉireann a mórtas ina dteanga féin agus ina dtír a thaispeáint ar Shráideanna Naofa Bhaile Átha Cliath. Bhí grúpaí ann ón *Ionad Buail Isteach*, ó *Shiúlóirí na hAoine* agus ó na maidineacha caife. Thosaíomar ár siúlóid cóngarach don Ghairdín Cuimhneacháin, Cearnóg Parnell agus ar aghaidh linn trí Shráid Uí Chonaill thar Ard-Oifig an Phoist, lárionad Éirí Amach na Cásca, ar chlé síos na céanna thar Dhroichead na Comhdhála, clé ar na céanna agus trí Shráid an Phiarsaigh go dtí ár gceann scríbe i gCearnóg Mhuirfean. Bhí an tUachtarán Mícheál Ó hUiginn agus an tArdmhéara, Mícheál Mac Doncha, ann chun fáilte a chur romhainn, Bhí an slua meidhreach agus bródúil agus ag béiceadh “*A haon, a dó, a trí, a ceathair, tá an Ghaeilge beo fós sa chathair*”. Bhí bratacha agus meirgí (banners) le feiceáil. Bhí slua mór bríomhar glórach ann ó na Sé Chontae. Togha na nGael iad Cinnte.

Lá mór don Ghaeilge a bhí ann. Dúirt Conradh na Gaeilge go raibh 4,000 ann. Tús maith a bhí ann ach tús amháin. Tá géarghá le siúlóid mar sin gach bliain. Bunchloch a bhí ann agus caithfimid tógáil uirthi sna blianta romhainn. Ba chóir go mbeadh os cionn 100,000 ag freastal ar a leithéid de ócáid. Ba cheart grúpa ó gach Gaelscoil agus ó gach Gaelcholáiste, ó gach cumann agus eagraíocht Ghaelach, ó gach contae agus ó gach Gaeltacht bheith i láthair. An raibh tusa ann? Caithfimid go léir Bratach na Gaeilge a iompar! Taispeáin do Bhród sa Ghaeilge sa todhchaí.



CEACHT BEAG GAEILGE: RÉAMHFHOCAL SIMPLÍ - 5: “i/in”



I nGaeilge baintear feidhm as an réamhfhocal “i/in” nuair atá “in” sa Bhéarla. De ghnáth tagann “i” roimh chonsan agus cuirtear urú roimh b, c, d, f, g, p. t i mbosca (**in a box**), i gcaisleán (**in a castle**), i ndaingean (**in a fortress**), i bhfothrach (**in a ruin**), i nGaeilge (**in Irish**), i bpuball (**in a tent**)

Tagann “in” roimh ghuta:

in aisling (**in a vision**), in eachtra (**in an adventure**), in iris (**in a magazine**),

Tagann “in” roimh theideal cláir teilifíse, irise, leabhair, scannáin, agus araile:

in “*Croí an Cheantair*”, in “*An Taobh ó Thuaidh*”, in “*Fiche Bliain ag Fás*”, in “*Poitín*”

Baintear úsáid as “in” roimh áitainmneacha thar lear nach bhfuil leagan Gaeilge díobh: in Birmingham, in Lille, in Houston, ach i Learpholl, i mBostún, i Nua Eabhrac

Tíortha:

Úsáidtear “i” le tír a thosaíonn le consan agus “in” le tír a thosaíonn le guta:

i Sasana, i mBarbadós, i gCeanada, i bPanama, in Albain, in Angóla, in Éirinn, in Óman

Tagann “An” roimh an chuid is mó d’ainmneacha na tíortha i nGaeilge.

Athraíonn “i” + “An” go “sa” roimh chonsan agus go “san” roimh ghuta nó fh+guta

DERICK MÓICLÉIR RIP

Antóin Ó Seaghdha

Fuair Derick Móicléir bás ar an 6ú lá d'Aibreán 2018.

Rugadh Derick sa Dúcharraig, gar le cathair Chorcaí, agus bhí a bhean chéile Patricia as an cheantar sin freisin. D'oibrigh Derick mar státseirbhíseach sinsearach sa Roinn Talmhaíochta agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha i rith a shaoil oibre agus nuair a bhí Éire ag dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i 1973, chaith sé naoi nó deich mbliana sa Bhruiséil ag obair le polaiteoirí mar Garret Fitzgerald ag idirbheartaíocht (**negotiating**) don tír seo. Tar éis dó dul ar scor, ní raibh sé díomhaoin ach oiread agus rinne sé MA sa Ghaeilge.

Ón gcéad lá a tháinig sé isteach go dtí an Maidin Chaife, bhí sé cairdiúil agus éasca bheith ag caint leis. Cuma cén t-ábhar - stair, tíreolaíocht, polaitíocht, litríocht nó Donald Trump - bhí scéal ag Derick faoi. Bhain sé an taitneamh as bheith ag scríobh dánta agus anuraidh, chum sé ceann speisialta d'Éigse Chluain Tarbh.

Bhí ceann nua aige i mbliana faoin bhfear mór sa Teach Bán, Donald, agus is mór an trua é nach bhfuil sé linn chun é a rá ag Éigse 2018. Gach maidin Mháirt a tháinig sé isteach don Mhaidin Chaife, bhí miongháire ar a aghaidh, leabhar nó dán nua ina lámh aige agus scéal ina bhéal. Fear léannta ab ea Derick, ach caith sé go héadrom é.

Tá cara cailte againn agus tá brón orainn go léir i Maidin Chaife Fionnradharc agus san iris *An Taobh Ó Thuaidh* mar ní bheidh an miongháire ná na dánta nua againn as seo amach. Is mian linn comhbhrón ó chroí a dhéanamh lena bhean chéile, Patricia agus lena chlann, Anne-Marie, Fiona, John, Una agus Francis agus le daoine eile gar le Derick. Go ndéana Dia trócaire ar a anam dílis Gaelach. (Tá dán le Derick ar lth 8)



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Stad seanfhear, ar mhóipéid, in aice gluaiistéain shlachtmhair dearadh snasta ag solas tráchta. D'iarr sé ar an tiománaí, ógfhear gustalach, “Cén saghas gluaiistéain atá agat, a mhic ó?” . D'fhreagair sé “Ferrari GTO. Chosain sé trí chéad míle euro”. “Cén fáth go bhfuil sé chomh daor sin?”, arsa an seanfhear. “Toisc go bhfuil sé in ann dul chomh tapa le 220 míle san uair”, a d'fhreagair an tiománaí go mórtasach. “An féidir liom féachaint isteach le do thoil?” arsa an seanfhear. “Fáilte romhat” arsa an tiománaí. Chuir an seanfhear a cheann tríd an fhuinneog oscailte. Bhreathnaigh sé faoi agus thairis. “Gluaiistéán iontach cinnte”, ar seisean ag luí siar ar a mhóipéid, “ach fanfaidh mé le mo mhóipéid; tá mé cleachta léi”.



D'athraigh an solas go huaine. Shocraigh an t-ógfhear cumhacht an ghluaiistéain a thaispeáint don seanfhear. Bhrúigh sé a chos ar an luasaire. Taobh istigh de 30 soicind bhí an luasmhéadar ag taispeáint 150 msu. Go tobann thug sé rud faoi deara ina scáthán siar. Ba chosúil go raibh sé ag teacht níos cóngaraí agus níos cóngaraí dó! Ansin sciorr rud éigin thairis ar luas lasrach ag fágáil an Ferrari ina dhiaidh. “Cad sa diabhal atá in ann dul níos tapa ná mo ghluaiistéán?” a d'fhiafraigh an t-ógfhear de féin. Bhrú sé níos tréine ar an luasaire agus mhéadaigh a luas go 180 msu. Amach uaidh chonaic sé cad a bhrostaigh thairis, an seanfhear ar a mhóipéid. Baineadh stangadh as. Bhí náire agus fearg air. Chuir sé tuilleadh brú ar an luasaire. Chuaigh sé thar an seanfhear ag 200 msu. Bhí straois shotalach ar a aghaidh go dtí gur fhéach sé sa scáthán. Bhí an mhóipéid ag breith suas leis an Ferrari arís, Bhí ionadh an domhan air faoi luas an tseanfhir. Ghéaraigh sé a luas go 220 msu. Taobh istigh de sé shoicind chonaic sé an mhóipéid ag tarraingt air arís. Bhí an Ferrari ag dul ar theann a dhíchill. Níorbh fhéidir leis aon rud eile a dhéanamh. I bhfaiteadh na súl threabh an mhóipéid trí chúl an ghluaiistéain. Stad an t-ógfhear agus amach leis as a ghluaiistéán. Creid é nó ná creid bhí an seanfhear beo fós. D'fhiafraigh an t-ógfhear de, “An féidir liom aon rud a dhéanamh duit? Is dochtúir mé”. D'fhreagair an seanfhear i gcogar. “Scaoil mo ghuailleáin ó do scáthán taobh amharc a dhuine uasail le do thoil!”



Foclóirín

stad - **stopped**; móipéid - **moped**; slachtmhar - **well-finished**;
 dearadh snasta - **sleek design**; soilse tráchta - **traffic lights**;
 d'iarr sé - **he asked**; tiománaí - **driver**; ógfhear - **young man**; gustalach - **well-to-do**;
 saghas - **type** a mhic ó - **my lad**; d'fhreagair - **answered**; chosain - **cost**; cén fáth - **why**; daor - **dear**;
 toisc - **because**; in ann - **able**; dul - **go**; chomh tapa le - **as fast as**; míle san uair - **miles per hour**;
 mórtasach - **boastful**; an féidir liom - **may I**; le do thoil - **please**; fáilte romhat - **you're welcome**;
 oscailte - **open**; bhreathnaigh - **looked**; aoi agus thairis - **all around him**; luí sé siar - **he leaned back**;
 iontach - **amazing**; cinnte - **definitely**; fanfaidh mé - **I will stay**; cleachta le - **used to**;
 d'athraigh - **changed**; uaine - **green**; shocraigh - **decided**; cumhacht - **power**;
 a thaispeáint - **to show**; bhrúigh sé - **he pressed**; luasaire - **accelerator**; taobh istigh de - **within**;
 luasmhéadar - **speedometer**; go tobann - **suddenly**; thug sé faoi deara - **he noticed**;
 scáthán siar - **rear-view mirror**; ba chosúil - **it appeared**; ag teacht - **coming**;
 níos cóngaraí - **closer**; sciorr - **whipped**; thairis - **past him**; ar luas lasrach - **blistering pace**;
 ag fágáil - **leaving**; ina dhiaidh - **behind it**; cad sa diabhal - **what the devil**; níos tréine - **more strongly**;
 luas - **speed**; amach uaidh - **ahead of him**; bhrostaigh - **hurried**;
 baineadh stangadh as - **he was gobsnacked**; náire - **shame**; fearg - **anger**; tuilleadh - **more**;
 straois shotalach - **smug grin**; aghaidh - **face**; go dtí gur - **until**; ag breith suas leis - **gaining on**;
 ionadh an domhain - **very surprised**; ghéaraigh sé an luas - **he speeded up**;
 ag tarraingt air - **bearing down on him**; ar theann a dhíchill - **flat out**;
 níorbh fhéidir leis - **he was unable**; i bhfaiteadh na súl - **all of a sudden**; threabh - **ploughed**; cúl - **rear**;
 creid é - **believe it**; i gcogar - **in a whisper**; scaoil - **release**; guailleáin - **braces**;
 scáthán taobh amharc - **side-view mirror**



TURAS GO BARR AN DOMHAIN - I

Antóin Ó Seaghdha

Tá Neipeal (Poblacht Chónaidhme Dhaonlathach Neipeal) ar cheann do na tíortha sa cheantar sin don domhan nach raibh faoi riail na Breataine. Bhí An India mar chuid de Raj na Breataine ar feadh na mblianta agus bhí tionchar mór ag An mBreatain ar an tSín go dtí fiche bliain ó shin. Ina dhiaidh sin, tá nasc ag Neipeal leis An mBheatain trí na Gurkha, saighdiúirí ón tír atá cumas troda cáiliúil orthu agus a throid in Arm na Breataine.



Le linn mo thaistil, measaim féin faoi phribhléid ó bheith ag obair ar feadh seala in Katmandu, príomhchathair na tíre áille Neipeal. Is tír bhocht í ina raibh tréimhse chorrach (**turbulent period**) le fiche bliain anuas, lena n-áirítear sléachtanna ríoga (**Royal massacres**) agus troid fhuilteach don daonlathas (**bloody fight for democracy**). Tá súil agam go mbeidh síocháin sheasmhach (stable peace) ag na daoine as seo amach mar tá sé tuillte acu.



Agus tú ag teacht isteach go haerfort Katmandu ó Karachi sa Phacastáin, tugann tú faoi deara áilleacht na tuaithe máguaird. Bíonn deacrachtaí ag píolótaí nuair a bhíonn siad ag tuirlingt ag an aerfort mar tugann na sléibhte móra foscadh (**shelter**) don chathair agus bíonn go leor neasteagmhais (**near misses**) ag eitleáin agus iad ag teacht anuas, ach ní chuireann sé sin isteach in aon chor ar an aistear iontach a bhíonn roimh dhuine.

De ghnáth is ag dreapadóireacht ar Shliabh Everest (*Sagar-matha, Chomolungma*) nó ag siúl trí Limistéar Caomhantais Annapurna, a théann an chuid is mó do na daoine go dtí Neipeal. Áfach, ní dreapadóir mise agus mar sin bhí orm **obair** a dhéanamh le linn mo sheala in Katmandu. Thug sé sin deis dom bualadh leo agus bheith ag caint agus ag ól scáil (**hot tea**) leis na daoine áitiúla ón gcathair gach lá. Bíonn sé go hiontach dul amach gach maidin agus na sléibhte d'fheiceáil agus smaoinemh ar na daoine cáiliúla a bhí ag dreapadh orthu. Tagann go leor cuairteoirí ó gach cearn an domhain go dtí an tír agus mar is eol díobh, bhí an-cháil ar chathair Katmandu sna seascaidí (1960s) faoin gcultúr Hipí (**Hippy**), agus tá píosa de ann fós, ach d'fhan mise ar an leann (**beer**). Mar a dúirt Bill Clinton, níor ion-análaigh mé (**I didn't inhale**) in aon chor!



I Neipeal, roghnaítear cailín óg ón tsainicme (**caste**) *Sakya* (ba ón tsainicme seo Gautama Búda) nó ón bhfine (**clan**) *Bajracharya*, mar *Kumari* (ón tSancraít do “banphrionsa”), “bandia beo” (**living goddess**) nuair a bhíonn áilleacht agus craiceann gan créacht uirthi. Ón am sin, bíonn seirbhísigh aici chun gach rud a dhéanamh agus cónaíonn sí i bpálás. Is ómós mór don chailín óg agus dá muintir bheith roghnaithe mar bhandia, ach tá míbhuntáistí lena saol freisin. Níl cead aici freastal ar scoil ná bheith ag súgradh lena cairde, an mar is rudaí neamhghlana iad siúd agus níl cead ag bandia bheith salach. Bíonn an saol gustalach sin aici go dtí go sroicheann sí caitheachas (**puberty**) agus ansin, bíonn uirthi dul amach ar an ghnáth saol agus tagann a comharba (**successor**) isteach. Bíonn deacrachtaí ag an gcailín nuair a thagann sí amach, mar ní bhíonn sí in ann aon rud praiticiúil, cosúil le cócaireacht agus rudaí eile a dhéanamh sa teach. Sa Neipeal, ní maith leis na fir, bean mar sin a phósadh mar bhí saol banphrionsa aici ina óige agus b'fhéidir nach mbeadh fonn uirthi obair a dhéanamh.



DERMOT MORGAN

Áine Uí Mháirtín

Ghoill sé go mór orm nuair a chuala mé faoi bhás tobann Dermot de thaom chroí an 2 Feabhra 1998. Ba bhall dílis mé dá lucht leanúna mór. Ní raibh sé ach cúig bliana is daichead nuair a fuair sé bás. Rinneadh tagairt dá bhás ar an raidió le déanaí agus ba dheacair dom a chreidiúint go raibh fiche bliain imithe thart ó bhásaigh sé. Tá clú agus cáil air fós de bharr a róil sa tsraith teilifíse “*Father Ted*” (scríofa ag Arthur Mathews agus Graham Linehan). Tá an clár sin á thaispeáint go fóill ar fud na cruinne cé nach ndearnadh ach trí shraith de, 25 chlár ina hiomláine. Bronnadh Duaiseanna BAFTA ar an gclár mar “*an clár teilifíse ba ghreannmhaire*” i 1996 agus 1999 agus BAFTA ar Dermot féin don “*taibhléiriú (performance) grinn ab fhearr i 1998*” (1999).



Ó thuas a hóige aithníodh cumas an ghrinn (*talent for humour*) i Dermot. Léirigh sé an tréith sin i dtús nuair a bhí sé ina dhalta sa choláiste. Labhair sé go minic faoin meas mór a bhí aige ar a Mham. B’aithriseoir (*mimic*) iontach í a dúirt sé. Bhí an-ghnaoi ag Gay Byrne, Mike Murphy, agus Pat Kenny ar Dermot. Réitigh siad go hiontach leis. D’fhaigheadh Mike litreacha ó Dermot agus bhíodh siad chomh greannmhar sin gur iarr sé air bheith páirteach sa chlár “*The Live Mike*”. An gcuimhníonn sibh ar an gclár? I measc na gearachtar a chruthaigh sé bhí Fr Trendy agus an Fear (lena chamán) ó Chumann Lúthchleas Gael a bhí as a mheabhair. Bhíodh sé ar “*The Late Late Show*” agus ar “*Kenny Live*” go minic. Ceapaim go raibh sé mar inspioráid don chuid is mó de na fir ghrinn nó aithriseoirí atá ann anois. Chonaic mé é blianta ó shin ar an stáitse ag déanamh a seónna aonair a bhí go léir ar fheabhas. An gcuimhníonn sibh an t-amhrán “*Thank you very very much, Mr Eastwood*”, a d’aimsigh uimhir a haon sna cairteacha, Nollaig 1985, “*New Hounds*” ar an teilifís agus “*Scrap Saturday*”, ar an raidió.

Níor cheap sé go raibh sé chomh hiontach is a bhí sé. Cosúil lena lán fuirseoirí (*comedians*) bhí sé corrach (*unsettled*). I gcónaí ní raibh sé sásta leis an rud a bhí á dhéanamh aige. Bhí sé ag scríobh agus ag athscríobh rudaí agus ag lorg smaointe eile. Dúirt cuid dá chairde go raibh a inchinn ag dul ar luas seasca míle san uair gach lá. Choimisiúnaigh RTÉ cláir éagsúla ó Dermot ach cuir siad ar ceal iad. Ceapaim nach bhfuair sé an t-aitheantas a thuill sé ó bhainistíocht i RTÉ. Ní bhfuair sé é agus bhí díomá air. Chuaigh sé go Sasana. Bhain sé cáil amach ansin.

Ba é “*Scrap Saturday*” an clár ab fhearr liom riamh. Sár-aoir (*satire*) a bhí sa chlár le meascán den fhírinne, den searbas (*sarcasm*), agus, uaireanta, den gangaideacht (*spitefulness*). Gach Satharn bhíomar timpeall an raidió ag éisteacht leis. Ar an raidió tá do chluasa agus do shamhlaíocht á úsáid agat. Cé a dhéanfaidh dearmad ar Eamon Dunphy agus é torrach lé Gilsey (John Giles) agus Eamon ag cniotáil stocáil beaga don leanbh agus é gearánach le Gilsey, “*Cá raibh tú? Tá tú amuigh i gcónaí agus mise fágtha i m’aonair.*” Nó Haughey agus Mara, Haughey go mórtasach, áibhéalach (*exaggerated*), ag maíomh (*boasting*), an fhírinne faoina shinsir cháiliúla, Alastar Mór, Napoleon agus araile. Carachtair P Flynn agus a chéile bunaithe ar “*The Flintstones*”. Thaitin carachtar Mary Hearney, Mata Hearney, léi. Dúirt sí mura mbeadh sí ar “*Scrap Saturday*” go bheadh díomá uirthi. Bhí íomhá de na daoine sin againn agus eolas againn faoina gcuid lochtanna. B’shin an fáth go raibh an clár chomh greannmhar.



Tá meas ag an lucht tacaíochta agus a lucht araon ar Dermot Morgan. Is mór an trua go bhfuair sé bás chomh hóg sin mar creidim nach raibh barr a chumas sroichte aige agus go raibh tuilleadh le teacht. uaidh Ar dheis Dé go raibh a anam.



AN CLUB DOFHEICTHE

Pádraig Ó Briain

Cheannaigh mé leabhar nua, “**CLONTARF**”, le déanaí. Is foilseachán é faoi bhruachbhaile (**suburb**) Chluain Tarbh agus ar na hathraithe a tháinig ar an áit leis na céadta bliain anuas. Tá 30 léarscáil ann, chomh fada siar leis na meánaoiseanna. Tugann sé pictiúr soiléir dúinn faoin bhforbairt a tharla thar na blianta. Is fiú é a cheannach de bharr na léarscáileanna amháin.

Tá liosta mór de na cumainn sa cheantar ar ceithre leathanach de ach chuir sé ionadh an domhain ormsa nach bhfuil trácht ar bith ar an gcumann is mó, mo chlub féin, Cumann Lúthchleas Gael (CLG) Chluain Tarbh. Tá dhá mhíle ball láníoctha sa chlub, gan na tuismitheoirí, na himreoirí óga ná na leantóirí go ginearálta a chur san áireamh. Is eiseamláir mhór Jack McCaffrey (6 leathanach ar chuardach Google) sa chlub agus a lán gradam buaite aige, imreoir na bliana i 2015 mar shampla. Bhuaigh Sarah, deirfiúr Jack, bonn Uile Éireann anuraidh agus ba é an chéad uair riamh a bhuaigh deartháir agus deirfiúr bonn Uile Éireann sa bhliain chéanna agus an rud is tábhachtaí ná go bhfuil an bheirt acu go líofa as Gaeilge.

Tá an easpa eolais faoi CLG Chluain Tarbh deacair a thuiscint mar táimid lonnaithe i dteach stairiúil *Belgrove House* atá beagnach dhá chéad bliain d’aois agus atá ar an léarscáil ó 1843. “*A nineteenth century mansion framed in beeches*” an cur síos a bhí ag John McGahern air ina leabhar, “*The Leavetaking*”. Tá tagairt eile don teach ó 1837 san fhoilseachán cáiliúil le Samuel Lewis, “*Topographical Dictionary of Ireland*”. Níl mórán eolais faoi *Belgrove House* roimh 1900 ach cheannaigh fear gnó, Dominic Dolan, é i 1902 mar theach príobháideach. Ba é Dominic an chéad bhainisteoir de ESSO in Éirinn, Nuair a bhí ceiliúradh céad bliain in Éirinn ag ESSO i 1998 tháinig a ghaolta ar thuras ar leith go dtí an club. D’inis siad scéalta dúinn faoin chuma tréigthe a bhí ar an teach nuair a cheannaigh Dominic é agus faoin méid airgid a chaith sé chun é a mhéadú agus a dheisiú. Dhíol na Dolan an teach i 1940 agus ó shin go dtí 1971 bhí sé á úsáid mar chuid de Scoileanna Náisiúnta Eoin Baiste (*Belgrove Schools*). Ó shin go dtí 1994 Ionad Pharóiste a bhí ann agus cuid de na seomraí á n-úsáid ag an Bord Sláinte.



Cheannaigh CLG Chluain Tarbh *Belgrove House* i 1994. Tar éis é a mhéadú agus a dheisiú, osclaíodh go hoifigiúil é i 1998. Cheannaíomar foirgneamh stairiúil (ar léarscáil ó 1868) eile, *Fortview*, 219 Bothar Chluain Tarbh, roimhe sin. Beairic de chuid an DMP (Póilíní Chathair Átha Cliath) a bhí ann (**Police Station** ar an léarscáil ó 1902). Bhí fadhbanna pleanála againn leis an bhfoirgneamh sin agus dhíolamar é nuair a tháinig *Belgrove House*, foirgneamh a bhí i bhfad níos oiriúnaí mar chlubtheach, ar an margadh.



Níl trácht ar bith sa leabhar ar CLG Bhrian Bóroimhe ach an oiread, cé go bhfuil a pháirc imeartha ar an léarscáil ó 1935 ar an áit ina bhfuil Bóthar Cheann Chóra Thoir anois. Bunaíodh an club i 1919. Bhuardar corn i 1930. Bhí sé á thaispeáint go bródúil ag an ngréasaí bróg ina shiopa in Ascaill Gheata an Teampaill go dtí gur éirigh sé as obair timpeall 10 mbliana ó shin. I 1941 chuir Coiste Smachta CLG Átha Cliath cosc orthu faoi scliúchas (**brawl**) éigean a tharla nár thaitin leis an gcoiste. Rinneadh cúpla iarracht sna caogaidí ar club eile a bhunú ach níor éirigh leo go dtí gur bunaíodh an club atá againne anois an 11 Aibreán 1961.

Nuair a bhí an club athcóirithe againn i 1997 chuireamar ranganna Gaeilge ar siúl. Bhí an t-ádh linn go raibh an múinteoir cáiliúil Pádraig Ó hEarcáin ar fáil chun na ranganna a reáchtáil. Ba é Pádraig an chéad Phríomhoide de Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna agus múinteoir thar barr a bhí ann. Níorbh fhada go raibh fás, forbairt agus bláth ar na ranganna. Tar éis cúpla bliain bhí ceithre rang ar siúl agus níos mó ná trí scór ag freastal orthu. Ba cailliúint mór dúinn bás Phádraig in 2004 ach leanann a spiorad agus tá na ranganna ar siúl fós - an bun rang agus an meán rang oíche Luain agus Club Leabhar oíche Mháirt. Tá fáilte roimh cách.

EACHTRA SAN OÍCHE

Nóra Ní Mhaolagáin

Nuair a bhí mé ag fás aníos i ndeisceart Chiarraí roinnt blianta ó shin bhí mo bheirt sheanmhátheacha ina gcónaí linn. Fuair máthair mo mháthar bás ar dtús agus bhí brón mór orm agus bhí mo cheann trína chéile. Dhiúltaigh mé dul isteach ina seomra chun í a fheiceáil, mar sin. Tar éis tamaill chuaigh mé isteach ach bhí sé beartaithe agam fanacht ar chúl an tseomra le mo shúile ag féachaint síos ar an urlár ionas go mbeadh Mamó as radharc. Ach, bhí Mamó sínte amach ar chúl an tseomra, díreach os mo chomhair. Sean nós ba chúis leis sin, cé nach raibh fios agam faoi ag an am. Casadh an leaba go dtí cúl an tseomra chun “go bhfeicfeadh sí éirí na gréine”.

Bhí fear “taistealaí” ag dul mór thimpeall na háite ag an am sin freisin agus “Mike na mbóithre” a tugadh air. Fear áitiúil ab ea é ach nuair a phós a dheirfiúr “cliamhain isteach” ([man married into farm](#)) d’fhág Mike an teach agus thosaigh sé ag obair mar “spailpín” le feirmeoirí móra i Luimneach. Anois agus é aosta bhí sé ag brath ar dhaoine cineálta lóistín don oíche a thabhairt dó. Nuair a bhí tórramh ([wake](#)) ar siúl sa cheantar bhí sé ar a bhuaic ([at his best](#)). Bhíodh go leor bia agus deoch sa teach báis ([house of mourning](#)). Thairis sin ([moreover](#)), bhí nós ag na daoine ag an am fanacht ina ndúiseacht leis an marbhán an oíche ar fad. Mike an rogha ar fheabhas, mar chaith sé an chuid is mó an ama ina shuí i rith na hoíche. Thit sé ina chodladh in aice na tine agus ní raibh dada ag teastáil uaidh coíche.

Fuair fear timpeall nócha bliana d’aois bás. Seosamh Óg a tugadh air mar is dócha gurbh é Seosamh ainm a hathar freisin. Ar ais le Mike go teach an tórraimh gan mhoill. Fuair sé fear an tí, Seán, mac an fhir mhairbh agus a bheirt mhac ag cóiriú leapa. Bhí deartháir Sheosaimh, Séamus ab ainm dó, agus a bhean chéile Hilda ag teacht don tsochraid. Bhí ganntanas leapacha ach fuair siad ceann sa bhothán. Bhí tocht ([mattress](#)) maith agus stoc leapa ([bedstead](#)) maith aici, ach bhí a lán de na spriongaí briste. Dá bhrí sin d’úsáid siad gach rud a bhí le fáil. Cad a bhí tréan go leor chun an tocht a choimeád thuas, ná ringear. ([crowbar](#)). Bheadh an tocht sábháilte agus é déanta de chruach ([steel](#)). Bhíodh na buachaillí óga ag dul a gcodladh ann. Timpeall a ceathair a chlog ar maidin agus bhí gach rud ciúin. Go tobann cheapfá go raibh an spéir ag teacht anuas! Cloiseadh fothram ([noise](#)), cosúil le toirneach an-ard, ar fud an tí. Thosaigh gach duine ag béiceadh agus ag scréachach, iad go léir ag rith i dtreo sheomra an tórraimh, féachaint cad ba chúis leis an ruaille buaille ([commotion](#)). B’ é Seosamh Óg (an corpán), ar ndóigh, an t-aon duine a d’fhan ciúin. “Go bhfóire Dia orainn”, arsa Hilda, agus í ag croitheadh uisce coisricthe, “is rud osnádúrtha ([supernatural](#)) é gan amhras”. Ba é an ringear a thit ar an urlár ba chúis leis an torann. Bhí an t-ádh leo nár tháinig sé tríd an tsíleáil bhí sé chomh trom sin. Ba é Mike an t-aon duine a bhí sa seomra le Seosamh Óg cé go raibh sé leath ina chodladh. Bhí Seán tar éis dul isteach sa chistin chun cupán tae a dhéanamh dó. Dúirt Mike bocht gur cheap sé go raibh deireadh an tsaoil ag teacht nuair a chuala sé an clampar ([disturbance](#))! Fuair sé scanradh uafásach, ach ba mhór an leas dó é ([it was a great boon to him](#)) sa deireadh, mar fuair sé lóistín don oíche agus fáilte mhór i ngach áit ar ar thug sé cuairt ina dhiaidh sin. Bhí na ceisteanna ag teacht go tiubh agus go tapa mar gheall ar an eachtra leis an ringear. Uaireanta chuir Mike breis sonraí ([details](#)), fíor nó bréagach, isteach chun a scéal a dhéanamh níos fearr, ach ba chuma lena lucht éisteachta faoi seo fad is a bhí an scéal níos bríomhaire ([colourful](#)) agus níos corraithí ([exciting](#)).





AISLING - 2000

Derick Móicléir

Mo thuiscint féin atá 'sna bhéarsaí thíos ar dhearcadh mhuintir na h-Éireann i dtaobh an Aontais Eorpaigh timpeall na mblianta a luaitear ann. Bhí sé soiléir dhom san am sin gur thug an tAE. feirmeoirí na hÉireann saor ón dianbhochtannas a bhí orthu roimhe sin.

Aisling 2000

Ar maidin mhoch do ghabhas amach is gliondar ar mo chroí

'Sa bhliain úr thosnaíonn le dó is náid 'na dhiaidh fé thrí

Ba ghlan an t-aer, ba ghlan an abha ba ghlan an t-éanlaith féin

Mar bhí na Gaeil fé dheire thall ag caomhnú an chomhshaoil.

Dob' iontas liom a fheiscint romham ar chasán taobh le h-abhainn

An gluasteán mór gearmánach a bhí páirceáilte fé chrann

An tíománaí fé éide ghlas 'na shuan taobh thiar den roth

Is maighdean dheas 'na suí 'sa bhféar le h-ais an chairr ag gol.

"Nach eol duit féin, a ainnir ghil" adúras leis an mnaoi

"Nach bhfuil an gúna fada bán i bhfaisean le déanaí Ach oiread leis an dealg óir a chaithir ar do bhráid Nó fós an leabhar-scrín maiseach úd a chím anois id' láimh?"

Is inis dom cén tubaiste a d'fhág tú brónach buartha Ag sileadh deora salainn uait le díobháil mhór don dúlra

Is cé tú féin is cér díobh thú 'nois foilsigh dhom go soiléir

Nó cad a scar ó d'cháirde thú ag caoineadh ar an mínfhéir?"

Annsan do labhair an mhaighdean liom is fearg in-a glór

"A amadain gur amadain do shinsear is do phór Dá léifeá riamh an tseanfhilíocht fé áilleacht ban na spéire

D'aithneofá ar an dtoirt gur mé do thírín dílis Eire!

'Sé fáth mo bhróin go raibh mé seal is bochtanas am' chrá

Gur tharla mé 'sa bhuíon cheanúil thug cabhair dhom mar ba ghá

Renata, Hans is Marianne is mac an tairbh Seán Do roinneadar a mbéilí liom is d'fhág mé sona slán.

Ar feadh na mblianta bhronnadar cabhair, comhairle agus ór

A spreag misneach mo mhuintirse gur mhéadaigh siad a stór

Is d'imigh gníomhartha an bhuín chun socair dúinn go séimh

Gur éalaigh saor ón mbochtannas mo dhaoine is mé féin.

Ach féach anois go mbeidh gan mhoill an fhéile ina stad

T'réis taisc an bhuín, iad féin a deir, bheith críochnaithe ar fad;

Ó tá mo mhaoin chomh mór anois le maoin an bhuín dar leo

Ní leanfaidh siad de dheontaisí ná cabhair a chur im' threo.

Is searbh liom an ráiteas úd chuir tuirse ar mo chroí Ar bhronntanais, ar chabhair, ar ór do chuas i dtaithe Gan taca gan féirín ó'n mbuíon ba dhoiligh duaire mo chás

Is sin an fáth go bhfuilim faon gan lúcháir gan sólas".

"A spéir-bhean óg" adúras léi "mo chomhairle dhuit go cruinn

In áit an lánstaid ghairbh úd, iarr laghdú diaidh ar ndiaidh

Is foilsigh dóibh go raghfá féin le meon lámh-sgaoilte fial

Ag cabhrú le gach bochtán úr a thiocfadh chun an bhuín".

"A fhir, is beag a thaithníonn liom an comhairle sin id' bhéal

Is Eire mé 's níor mhaith liom riamh caint chríonna dá leithéid

Ach réabadh cnoc is maidhm na loch is grá a théann chun drúise

Is cuireadh fós go Tír na nÓg, sin caint ab'áil liom uait-se!"




RÁS BÁID MHITELEÍNE

Seán Ó Fearghail

Ina leabhar iomráiteach “*Stair Chogadh na Peilipínise*” (idir Sparta agus an Aithin, 431 – 404 R.Ch.) tá cur síos ag Túcídídéas (Thucydides) ar rás báid cáiliúil a tharla sa bhliain 427 R.Ch (leabhar 3, *An Díospóireacht Mhítiléineach*).

Bhí an mhuir Aeigéach, an t-oileán Lesbhos agus a phríomhchathair Mítiléine i gcónaí i gcríos tionchair Chathair na hAithne, ach nuair a thosaigh an cogadh d’éirigh Mítiléine amach i gcoinne riail na hAithne. Ach d’imigh na hAithnigh i ngleic leis an réabhlóid sin láithreach. Chuir siad Mítiléine faoi léigear agus gabhadh an chathair sula raibh deis ag cabhlach Sparta teacht agus cabhrú leo.



Tháinig chomhairle shaoránaigh na hAithne le chéile agus phléigh siad a raibh i



ndán do Mhítiléine. Tar éis dóibh lá iomlán a chaitheamh ag argóint rinne siad an chinnúint go gcuirfí gach fear na cathrach chun báis agus go ndíolfaí na mná agus na páistí ina sclábhaithe. Tugadh an forógra sin do chaptaen rámhloinge (**galley**) chun é a thabhairt don cheannasaí Gréagach i Mítiléine chomh tapa agus ab fhéidir, leis an ordú go gcuirfí i bhfeidhm é láithreach. D’imigh an bád sin.

Ach thar oíche thosaigh roinnt mhuintir Aithne ag ceapadh go raibh an pionós sin róghéar. Ainneoin gur reibiliúnaigh iad, ba Ghréagaigh iad muintir Mhítiléine. Ní barbaraigh neamhshibhialta a bhí iontu. Lena chois sin dhiúltaigh an-chuid de shaoránaigh na cathrach cathéide (**armour**) a chur orthu agus páirt a ghlacadh san éirí amach. Dá ngearrfaí pionós comh trom sin orthu ní bheadh an Aithin in ann aon spreagadh a thabhairt d’aon reibiliúnaí ná d’aon namhaid géilleadh di as sin ar aghaidh. Tionóladh an Chomhairle arís agus chaith siad lá iomlán eile ag plé cheist Mhítiléine. An babhta sin shocraigh siad nár chóir ach ceannairí an éirí amach amháin a chur chun báis agus pionóis airgeadais a chur ar an gcathair.


Cuireadh bád eile amach chuig Mítiléine leis an teachtaireacht nua ach bhí lá iomlán de bhuntáiste ag an gcéad bhád. Sa dara bád níor tógadh aon lastas seachas bia agus uisce don turas. Cuireadh dhá chriú ar an mbád – criú amháin chun ceithre huair a chloig a chaitheamh ag rámháiocht nuair a bhí an criú eile ag ligean a scíthe.

Roghnaíodh ó na rámhaithe is láidre san Aithin iad, agus ba as Mítiléine féin cuid acu – nach mór an spreagadh é sin! Leis sin, gheall roinnt saoránaigh saibhre ó Mhítiléine a bhí tar éis cur futhu sa Aithin tithe agus feirmeacha don chriú dá n-éireoidh leo Mítiléine a shroichint in am.



Agus shroich siad Mítiléine díreach in am tar éis 24 huair ar an bhfarráige - bhí an chéad ordú faighte ag an gceannasaí ach ní raibh deis aige é a chur i bhfeidhm. Mar sin a sabháileadh an chathair.

PS Na laethanta seo tógann an bád farrantóireachta 22.5 uair an chloig chun dul ón Aithin (Piraeus) go Mítiléine.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-32

TRASNA

SÍOS



















1	horse (6)	2	lively (7)
5	shield (6)	3	out of them (4)
9	article (3)	4	I light (6)
11	government (7)	5	prudence (6)
12	elbow (7)	6	thong (4)
13	Sister (4)	7	draughts (7)
14	I handicap (5)	8	kindling (6)
16	with her (3)	10	carved (6)
18	col (3)	15	easy mood (7)
20	monster (6)	17	card (5)
22	baptism (6)	19	fast (5)
24	nonsense (7)	21	infant (3)
25	were cited (6)	22	food (3)
27	relight (6)	23	axe (3)
30	litter (2)	25	mud (5)
31	segment (3)	26	mausoleum (3)
33	organ (4)	28	lintel (7)
35	wanderer (5)	29	share (5)
36	tempest (4)	31	matron (6)
39	washer (7)	32	fattening (6)
40	hooker (7)	34	lions (5)
41	earth (3)	37	justice (4)
42	loner (7)	38	churchyard (4)
44	orchard (6)		



CUARDACH FOCAL 32

Ainmhithe fiáine 4 / wild animals 4

S	C	Á	L	T	B	H	L	D	I	E	H	B	I	S
A	Í	E	D	G	Ú	L	I	M	D	R	P	E	L	E
C	O	T	A	R	A	P	L	A	O	T	Í	S	I	I
N	R	S	S	H	A	S	Í	O	T	N	C	A	C	R
Ó	A	R	B	I	M	P	A	L	A	A	G	S	A	B
L	C	A	R	D	É	C	N	I	R	É	H	Ú	E	H
É	U	E	A	I	A	B	É	O	L	I	A	G	S	E
B	S	C	É	É	L	M	I	P	É	S	T	N	P	A
L	N	Í	C	H	A	R	H	A	C	R	Ó	A	D	L
L	I	D	I	B	P	I	N	R	T	A	Í	M	Á	I
A	O	B	D	I	É	A	C	D	L	R	S	C	L	A
H	L	I	R	S	I	O	M	P	Á	L	A	P	Í	T
B	D	S	N	I	D	R	O	Ú	B	E	G	H	Ú	R
U	É	H	A	L	E	C	E	I	S	C	R	P	É	A
B	M	O	N	G	U	S	L	Í	A	P	Ú	T	R	H

			
buabhall (buffalo)	mongús (mongoose)		
			
dícear (duiker)	oracs (oryx)	seacál (jackal)	seirbil (gerbil)
			
gasail (gazelle)	hartuibéist (hartbeest)	hiéana (hyena)	iompála (impala)
			
leon (lion)	siota (cheetah)	liopard (leopard)	túpaí (tree-shrew)



TOMÁS ÁGHAS - CEANNAIRE DEARMADTA

Seán Ó Ceallaigh

Sna scoileanna, ag fás aníos, chualamar go leor faoi Mícheál Ó Coileáin, An Laoch a chailleamar ró-luath i 1922, ach bhí duine eile a fuair bás i Meán Fómhair 1917 a ceapann saineolaí áirithe inniu, a bhí incurtha leis, ar a laghad. Rugadh agus tógadh Tomás Ághas gar don Daingean i gCo Ciarraí in 1885. Duine iléirimíúlach é – scríbhneoir, ceoltóir is ealaíontóir le grá mór aige i stair na hÉireann is sa Ghaeilge go háirithe. Ní haon ionadh go raibh lámh ar leith aige i gConradh na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael is i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ, IRB): ó 1908 bhí post aige mar Ardmháistir i scoil i mBaile Átha Cliath gar do Lusca i bhFine Ghall. Nuair a thosaigh Éirí amach na Cásca i 1916 bhí sé i gceannas in Áth Cliath Thuaidh. Bhí an bua ag Arm beag Fhine Ghall i gCill Déagláin, Co na Mí i gcoinne fórsa a bhí i bhfad ní ba líonmhaire ná iad féin. Tar éis bliain i bpríosúin i Sasana tar éis an Éirí Amach gabhadh arís é tar éis óráide spleodraí a thug sé i gCo Longfoirt. Nuair a theip ar na poblachtánaigh lena n-éileamh stádas an chime pholaitiúil a fháil ó údarás Phríosún Mhuinseo chuaigh siad ar stailc ocrais ar 20 Meán Fómhair. Tugadh ordú na stailceoirí a chothú le héigeam (**force-feed**). I gcás Thomáis, ceanglaíodh i gceathaoir é agus sádh meascán bainne is uibhe síos a scórnach. Chuaigh an bia isteach ina scámhóga agus tar éis deacrachtaí anála fuair sé bás an 25 Meán Fómhair. Thug bás Thomáis na mílte is na mílte duine ar thaobh Ghluaiseacht na Poblachta.



RANGANNA GAEILGE i gCLUAIN TARBH

Ranganna Gaeilge i gCumann Lúthchleas Gael (CLG) Chluain Tarbh (**Seafield Road West** / Bóthar Ghort na Mara Thiar) gach oíche Luain agus oíche Mháirt.
Táimid ag díriú ar chomhrá gan stró agus ar an spraoi.

Oíche Luain:

Rang 1: 7.30-8.30 pm, do thosaitheoirí (**beginners**), comhrá, léamh agus craic

Rang 2: 8.30-10.00 pm, do dhaoine atá as cleachtadh, comhrá, léamh, craic agus srl

Oíche Máirt: 9.00-10.15 pm. Club Leabhar, dóibh siúd atá Gaeilge ag an meán leibhéal acu.

Further information/Tuilleadh eolais Noel Sherlock nodlaig3@gmail.com / 086-239 4390

CROSFHOCAL BG XBG-31: RÉITEACH

	1	M	2	Ó	R	3	T	A	4	S		5	G	L	6	O	I	7	N	E	
8	S		S		É		9	T	O	R		C		Á		10	M				
11	C	A	T	H	A	I	R			12	A	B	H	A	I	L	E				
	U		L		D		Í			D		T		R							
13	A	S	A	L		14	B	O	15	C	A	Í		16	A	I	L	L			
	I		N		17	B		18	C	A	M		19	T		G					
20	S	U	N	T	A	21	S			22	Á	I	B	H	23	L	E				
					24	L	A	B	H	A	I	R				Á					
25	26		27	O	L	C		N		28	S	I	Ú	29	C	R	30	A			
31	L	A	32	S		A		33	G	R	34	Á		M		Ó					
35	A	N	R	Ó		36	C	L	A	I	S		37	S	N	U	A				
	I		O		38	D		A		L		39	G		A		C				
40	S	O	I	L	Í	O	S			41	É	A	L	A	I	G	H				
			C	O		42	R	U	A		A					S					
43	Á	T	H	A	N	N	A			44	R	O	C	A	C	H					

CUARDACH FOCAL 31: RÉITEACH

J	E	T	H	C	A	C	B	E	R	F	L	I	C	H
I	Í	N	A	G	A	E	D	R	I	A	C	N	T	O
R	S	A	Ú	L	B	R	I	S	Í	N	Í	I	R	A
A	N	Ú	T	G	A	S	V	Í	A	S	N	A	E	G
R	I	T	E	Ó	G	A	I	E	H	C	T	C	B	S
D	G	Ú	N	A	H	T	E	R	I	I	N	Í	H	C
H	T	I	A	L	U	C	S	T	B	S	I	O	N	C
C	A	B	D	N	T	H	T	L	Ú	S	T	C	B	Í
A	A	G	R	O	I	N	E	S	A	I	T	H	L	I
T	T	Ú	N	Í	R	A	E	S	Á	E	L	B	É	S
R	R	N	R	J	S	N	O	Í	J	B	T	H	A	I
O	O	Á	S	A	I	T	G	L	É	I	N	E	S	O
Í	I	I	R	Ú	S	O	E	G	E	A	N	A	É	L
C	C	A	R	D	L	A	G	O	E	T	I	R	A	U
S	S	H	L	H	C	B	N	N	O	I	S	T	R	C

SEANFHOCAL

Folaíonn grá gráin
Love veils ugliness (Love is blind)

AN CHÉAD GHORTA MÓR 1740/1741

Seán Ó Fearghail

Ar chuala tú riamh faoin nGorta i 1740/41, nó *Bliain an Áir*, cé go raibh sé i bhfad ní ba dhéine agus ní ba mharfaí ná an Gorta Mór sna 1840í?

Thosaigh sé le stoirm fhíochmhar agus leis an Sioc Mór (**Great Frost**) 29 Nollaig 1739. Bhí sé chomh fuar sin (-18C) ar fud na hEorpa gur reodh na haibhneacha go dtí an t-inbhear. Mhair an ghaoth seachtain amháin ach ghéaraigh an fhuacht go dtí deireadh mhí Eanáir. Ar dtús bhí féilte ar na lochanna. Ach d'éirigh breosla gann, loisc na daoine a soláthairtí móna geimhridh agus thosaigh siad ag leagadh crann. Ní raibh gual fágtha sna cathracha agus gan aon slí níos mó a thabhairt isteach toisc na poirt a bheith reoite. Agus na haibhneacha siochta, níor fheidhmigh na muilte, rud a d'fhág go raibh ganntanas plúir agus ola ráibe (**rapeseed oil**) do lampaí ann.



Ansinn thosaigh na hainmhithe ag fáil bháis sna páirceanna de bharr na fuachta agus an ocrais. Mharaigh an fhuacht an coirce agus an chruithneacht a cuireadh san fhómhar agus níos measa fós rinneadh greallach (**mush**) de na prátaí a bhí bailithe isteach. Ba léir go mbeadh ganntanas géar bia ann sula i bhfad. Cuireadh oibreacha fóirithinte (**relief efforts**) ar siúl sna cathracha, ach is beag faoisimh a bhí ar fáil faoin tuath. Is dócha go raibh na tuathánaigh chomh scoite sin ó dhream an airgid go raibh siad nach mór dofheicthe. Ní amháin gur Chaitlicigh neamhliteartha a bhí iontu ach Gaeilge amháin a bhí á labhairt acu agus dá bharr sin ní raibh mórán teagmhála idir na haicmí. Níor tugadh a ndroch-chás faoi deara go dtí gur bádh (**overwhelmed**) na bailte leo agus iad ag iarraidh éalú ón ocrais sa tuath.

Tar éis an tSeaca Mhóir tháinig an Triomach Mór (**Great Drought**). Mharaigh sé sin na hainmhithe a bhí fós lag leis an ocrais, agus theip ar na síolta a cuireadh san Earrach agus cibé barr a bhí fágtha sna goirt. Scríosadh an fómhar ar fud na hEorpa, mar sin ní raibh fóirithint ar fáil ait ar bith.



Bhí stoirmeacha fíochmhara arís i mí Lúnasa agus Meán Fómhair, agus lean plúchadh sneachta (**blizzards**) agus tuilte iad i nDeireadh Fómhair. D'fhill an Sioc Mór i mí na Samhna, ach le sneachta trom an babhta sin. Nuair d'éirigh sé ní ba theo rinne na hoighearshlaodanna (**ice floes**) ar an Life an-damáiste do na céanna (**quays**) agus do na báid.

Faoin am seo bhí na daoine chomh lag gannchothaithe (**undernourished**) sin gur rug dinnireacht (**dysentery**) agus tífeas (**typhus**) greim chomh daingean sin orthu go ndúradh go raibh corpáin caite ar fud na tíre faoi Shamhradh 1741, gan éinne a raibh an fuinneamh acu iad a adhlacadh.

Meastar go bhfuair idir trian agus leath milliúin daoine bás thar tréimhse 18 mí .i. idir 15% agus 20% an daonra (2.4 million i 1740). Bhí sé chomh marfach leis an nGorta Mór ach i tréimhse ama i bhfad ní ba ghiorra. Tá sé dearmadta nach mór ina iomláine anois, is dócha gur ruaig an Gorta Mór ó mheabhair an phobail é. Caithfear a thuiscint go raibh tionchar chomh huafásach ag an aimsir agus ag an ocrais ar mhuintir na hAlban agus Chríoch Lochlann freisin.

